# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# SCÉIM MHARCÁLA

# Gnó, 2013

# Ardleibhéal

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha ná molta iad.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.

**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1 (80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | 6 mharc + 4 mharc | 10 |
| 2. | (a) 4 mharc<br><br>(b) 2 @ 3 mharc an ceann (2+1) | 10 |
| 3. | (a) An Cóimheas Reatha –<br>SR : FR **1m**<br><br>**Sócmhainní Reatha**<br>12000 **1m** + 15000 **1m** + 8000 **1m**<br>= €35,000<br>**Fiachais Reatha**<br>20000 **1m** + 50000 **1m** = €70,000<br>**An Cóimheas Reatha**<br>€35,000 : €70,000<br>0.5:1 **1m**<br><br>(b) 3 mharc (2+1) | 10 |
| 4. | (3+3+2+1+1) | 10 |
| 5. | 6 mharc + 4 mharc | 10 |
| 6. | Costais Sheasta 5 mharc (3+2 (1+1))<br>Costais Athraitheacha 5 mharc (3+2 (1+1)) | 10 |
| 7. | 6 mharc + 4 mharc | 10 |
| 8. | (3+3+2+1+1) | 10 |
| 9. | (4+4+2) | 10 |
| 10. | 5 mharc (3+2) + 5 mharc (3 + 2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**

**(80 marc)**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH (Aonaid 5, 6, 7)**

**Ní mór an cheist seo a fhreagairt.**

## Cluichí Galaxy Teo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na céimeanna a bhain le próiseas forbartha an táirge | 5 chéim @ 6 mharc an ceann<br>(2+2+2) | 30 marc |
| **(B)** | Freagrachtaí sóisialta Chluichí Galaxy Teo. i leith na bpáirtithe leasmhara atá aige. | 4 Páirtithe Leasmhara @ 5 mharc an ceann<br>(1 +3 +1) | 20 marc |
| **(C)** | An cumasc margaíochta domhanda<br><br>Measúnú | 2 ghné @ 7 marc an ceann<br>(2 +3 (2+1) + 2) agus<br>2 ghné @ 6 mharc an ceann<br>(1 +3 (2+1) + 2)<br><br>4 (2+2) | 30 marc |
| **R.2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

## ROINN 3

**(240 marc)**

**Cuid 1**

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Míniúchán ar an téarma “cosaint sonraí”<br><br>(ii) Na feidhmeanna atá ag an “coimisinéir cosanta sonraí’ | 6 mharc (4+2)<br><br>2 fheidhm @ 7 marc an ceann (4+3) | 20 |
| **(B)** | Measúnú ar **dhá** cheann ar bith<br><br>(i) An Chúirt Mhionéileamh<br>(ii) An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais<br>(iii) An Binse Achomhairc Fostaíochta | <br><br>10 marc (4@2)+2 measúnú)<br>10 marc ((4+4)+2 measúnú)<br><br>10 marc ((4+4)+2 measúnú) | 20 |
| **(C)** | Míniúcháin/léirithe ar:<br>- Comhaontú (8m)<br><br>- Dlíthiúlacht Foirme (6m)<br>- Comaoin (6m) | <br>8 marc (3+3+2)<br><br>6 mharc (3+3)<br>6 mharc (3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Timpeallacht Intíre |
|---|

## Ceist 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na deiseanna **agus** na dúshláin a bhaineann le Comhpháirtíocht mar chineál úinéireachta gnó. | 4 @ 5 mharc an ceann<br>2 dheis @ 5 mharc an ceann (2+3)<br>2 dhúshlán @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| **(B)** | Ról Rialtas na hÉireann i spreagadh **agus** i rialú gnó in Éirinn.<br>(Ar a laghad ceann amháin den dá cheann ag teastáil) | 4 @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| **(C)** | Na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí in earnáil na <u>seirbhísí</u> de gheilleagar na hÉireann. | 4 @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta |
|---|

## Ceist 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Mínigh na téarmaí "Comhardú na Trádála" agus "Comhardú na nÍocaíochtaí".<br>**(ii)** Ríomh figiúirí Chomhardú na nÍocaíochtaí don dá bhliain.<br>**(iii)** Léirigh a bhfuil i gceist leis an téarma "easpórtálacha dofheicthe" | 2 mhíniúchán @ 5 mharc an ceann (3+2)<br>6 fhigiúr @ 1 mharc an ceann<br>4 mharc (2+2) | 20 |
| **(B)** | Na deiseanna **agus** na dúshláin do chuideachtaí móra dúchasacha a bhaineann le heaspórtáil chuig tíortha **nach bhfuil san AE**. | 4 @ 5 mharc an ceann<br>2 dheis @ 5 mharc an ceann (2+3)<br>2 dhúshlán @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| **(C)** | Pléigh na slite a mbainfidh geilleagar na hÉireann tairbhe as fanacht mar bhall den AE. | 4 @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 3**
**Cuid 2**

# Fiontraíocht

## Fiontraíocht / Bainistíocht

**Ceist 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Mínigh an téarma 'infhiontraíocht'.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar mhodhanna chun infhiontraíocht a chur chun cinn in EducaPrint Teo. | (i) 6 mharc (4+2)<br><br>(ii)2 @ 7 marc an ceann (4+2+1) | 20 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin a bhaineann le struchtúr eagraíochtúil maitríse d'EducaPrint Teo. i bhforbairt na dtáirgí ríomhleabhar. | 4 @ 5 mharc an ceann<br>2 bhuntáiste @ 5 mharc an ceann (2+3)<br>2 dhúshlán @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| **(C)** | Pléigh an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht bhainistíochta 'pleanáil' d'EducaPrint Teo. | 3 phointe<br>7 marc (4+3) +7 marc (4+3)<br>+ 6 mharc (3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

## Bainistíocht

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Ríomh an pá glan **míosúil** a thugann Audrey Nic an Ghaill abhaile léi. | 14 figiúr @ 1 mharc an ceann<br>3 fhigiúr/ngníomha @ 2 mharc an ceann | 20 |
| **(B)** | Luachanna saothair airgeadais agus neamhairgeadais d'fhostaithe i ngnólacht. | 2 luach saothair airgeadais @ 5 mharc an ceann (2+3)<br>2 luach saothair neamhairgeadais @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| **(C)** | (i) Dhá chúis ar chóir do theaghlach réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid a ullmhú.<br>(ii) Léirigh conas is féidir le teaghlach fadhbanna sreabhadh airgid a shárú. | (i) Dhá chúis @ 5 mharc an ceann (2+3)<br><br>(ii) 2 phointe @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

**Bainistíocht / Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha **agus** seachtracha smaointe le haghaidh táirgí nua do chuideachtaí teicneolaíochta mar Google. | 2 fhoinse inmheánacha @ 5 mharc an ceann (2+3)<br>2 fhoinse sheachtracha @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| **(B)** | Déan measúnú ar **dhá** mhodh le gnó a fhairsingiú. | 2 mhodh @ 10 marc an ceann (2+3+3+2) | 20 |
| **(C)** | Déan na himpleachtaí gearrthéarmacha **agus** fadtéarmacha d'fhairsingiú gnólachta a phlé faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>*Struchtúr eagrúcháin;*<br>*Réimse táirgí;*<br>*Brabúsacht;*<br>*Fostaíocht.* | 4 @ 5 mharc an ceann (4+1) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Gnó nGníomh**

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na teicnící taighde margaidh atá ar fáil do 'Bhuataisí Uile-Aimsire Teo.' lena réimse táirgí a fhorbairt. | 2 theicníc @ 10 marc an ceann<br><br>(2+3+3+2) | 20 |
| **(B)** | (i) 'Deighilt an mhargaidh' agus tagairt do 'Bhuataisí Uile-Aimsire Teo.'.<br><br>(ii) Cén fáth a rachfaí i muinín dheighilt an mhargaidh? | (i) 6 mharc (3+2+1)<br><br>(ii) 2 chúis @ 7 marc an ceann (4+3) | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfeadh bainisteoir margaíochta san áireamh nuair a bheadh praghsanna díolta na dtáirgí á socrú ag 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' | 4 @ 5 mharc an ceann (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

**ROINN 1**
**(80 marc)**
**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
## (Nótaí Tacaíochta)

**1. Tabhair breac-chuntas ar dhá thréith a bhaineann le Cuideachta Phríobháideach Theoranta:**

- Tá **dliteanas teoranta** ag na scairshealbhóirí, a chiallaíonn nach bhfuil freagracht orthu ach as fiacha na cuideachta, suas go dtí a n-infheistíocht bhunaidh inti, sa chás go mbreithnítear ina féimheach í.
- Tá cuideachta phríobháideach theoranta ionchorpraithe, a chiallaíonn go bhfuil **marthain dhlíthiúil ar leith** óna húinéirí aí agus féadfaidh sí agairt nó féadfar í a agairt ar a ceart féin.
- Tar éis achtú na nAchtanna um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006, tá cuideachtaí príobháideacha i dteideal idir **1 scairshealbhóir agus 99 scairshealbhóir** a bheith acu anois.
- Tá **leanúnachas marthana** ag cuideachtaí príobháideacha teoranta, a chiallaíonn nach bhfuil deireadh leis an gcuideachta i gcás athruithe amhail bás scairshealbhóra / stiúrthóra.
- Tá **vóta amháin in aghaidh na scaire** ag **scairshealbhóirí** ag an CGB.

**2. (a) Cad dó a seasann na litreacha GNT (NCA i mbéarla)? Scríobh an freagra sa spás atá ar fáil.**

| | |
|---|---|
| **GNT** | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí |

**(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag an GNT:**

- Faisnéis **a chur ar fáil** do thomhaltóirí faoina gcearta i dtaca le ceannach earraí agus seirbhísí – bileoga faisnéise, suíomh gréasáin, líne theileafóin.
- Na dlíthe tomhaltais iomchuí a **fhorfheidhmiú** agus **comhlíonadh a spreagadh**, e.g. pionóis ar an láthair agus orduithe toirmisc.
- **Cionta amhrasta a fhiosrú** faoi cheann ar bith de na dlíthe ábhartha, e.g. tá sé de chumhacht ag an GNT dul isteach in áitreabh chun fianaise a bhailiú, le tacaíocht ó na Gardaí más gá.
- **Praghsáil bhréagach a thoirmeasc**, e.g. má tá praghas earraí á bhfógairt mar phraghas laghdaithe i sladmhargadh, is gá na hearraí sin a bheith á ndíol ar phraghas níos airde ar feadh 28 lá as a chéile am éigin le trí mhí roimhe sin.
- **Cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** nuair is iomchuí.

3. **(a) Ag úsáid na bhfigiúirí thíos duit, ríomh an Cóimheas Reatha do 'Sentry Teo.'.**

**(Taispeáin do chuid oibrithe)**

| | |
|---|---|
| Féichiúnaithe | €12,000 |
| Rótharraingt Bhainc | €20,000 |
| Airgead Tirim | €15,000 |
| Creidiúnaithe | €50,000 |
| Stoc Deiridh | € 8,000 |

Oibrithe

Is é an Cóimheas Reatha ná SR: FR **1m**

SR 12000 + 15000 + 8000 = €35000 **3m**

FR 20000 + 50000 = €70000 **2m**

An Cóimheas Reatha = €35,000: €70,000

Freagra: 0.5:1 **1m**

**(b) Tabhair tuairisc ar riocht leachtachta Sentry Teo.:**

- Níor éirigh le Sentry Teo. an cóimheas reatha molta 2:1 a bhaint amach.
- Níl Sentry Teo. leachtach agus tá sé ag róthrádáil i.e. ní féidir leis a fhiacha a íoc de réir mar a thagann siad aníos.
- Beidh deacracht ag Sentry Teo. airgead a bhailiú go tapa agus a chuid billí a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.
- Tá fíorthábhacht ag baint le leibhéal rathúil caipitil oibre a choinneáil maidir le sreabhadh airgid an ghnólachta. Ní raibh sé seo amhlaidh i gcás Sentry Teo., áfach, mar nach raibh ach €0.50 ar fáil dó chun íoc as gach €1 fiachais.

4. **Scríobh *Fíor* nó *Bréagach* i ndiaidh gach aon cheann de na ráitis seo.**

| | Abairt | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Úsáidtear baiscthairgeadh nuair a bhíonn táirge aonair, aonuaire, uathúil á dhéanamh. | **Bréagach** |
| 2. | I gComhaontú Fruilcheannaigh aistrítear úinéireacht dhlíthiúil an earra chuig an gceannaitheoir nuair a íoctar an chéad tráthchuid. | **Bréagach** |
| 3. | Is féidir dul i ngleic le heasnamh sa Sreabhadh Airgid trí thréimhse chairde níos giorra a idirbheartú le féichiúnaithe. | **Fíor** |
| 4. | Is struchtúr úinéireachta é trádálaí aonair a bhfuil dliteanas teoranta mar bhuntáiste aige. | **Bréagach** |
| 5. | Bíonn ísealghiaráil ag cuideachta nuair a bhíonn a caipiteal cothromais níos mó ná a caipiteal fiachais. | **Fíor** |

5. **Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht don bhainistíocht a éiríonn as an gcuideachta a suíomh gréasáin féin a fhorbairt:**
   - **Cumarsáid:** Soláthraíonn an suíomh gréasáin deiseanna i gcomhair **cumarsáid mheandrach**, bíodh sí inmheánach nó seachtrach. Is féidir leis an mbainistíocht an suíomh gréasáin a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí, le soláthróirí agus leis an bhfoireann.

   - **Ríomhghnó.** Is féidir le custaiméirí ceannach ar líne (i.e. íocaíochtaí ar líne) agus is féidir glacadh le híocaíochtaí cárta creidmheasa.

   - **Clú feabhsaithe** an ghnólachta ag cruthú íomhá dhearfach i measc tomhaltóirí. Ba cheart go méadódh díolacháin nuair is féidir orduithe a dhéanamh 24/7, rud a thugann buntáiste ar iomaitheoirí.

   - **Fás ar chustaiméirí ionchasacha** ar féidir dul i bhfeidhm orthu ar chostas beag. Éascaíonn sé **fógraíocht dhomhanda** toisc go bhfuil fáil ag suíomh gréasáin ar mhargadh domhanda.

   - Is féidir **seirbhís tacaíochta ar líne** a chur ar fáil do chustaiméirí i.e. ag freagairt d'ábhair bhuartha agus do cheisteanna éagsúla.

   - **Oiliúint foirne** i **ndearadh gréasáin**/i **gcothabháil gréasáin** agus in oibriú gréasáin.

   - Beidh **infheistíocht chaipitil** ag teastáil chun an suíomh gréasáin a bhunú. Ní mór d'ainm fearainn féin a cheannach.

6. **In Anailís mheá ar mheá déantar idirdhealú idir 'Costais Sheasta' agus 'Costais Athraitheacha'. Mínigh na téarmaí seo, agus tabhair sampla amháin i ngach cás.**

   **Fanann** *costais sheasta* **mar an gcéanna beag beann ar an leibhéal aschuir**;
   Samplaí: cíos, aisíocaíochtaí iasachta, árachas.

   **Luainíonn/athraíonn** *costais athraitheacha* **go díreach leis an leibhéal aschuir;**
   Samplaí: pádhírigh, amhábhair, costais fuinnimh.

7. **Mínigh an téarma 'Dífhostú Inchiallaithe'.**
   - Tagann dífhostú inchiallaithe aníos sa chás: **go gcuireann tú, mar fhostaí, deireadh le do chonradh fostaíochta**, le réamhfhógra nó gan é, **mar gheall ar iompar d'fhostóra**.

   - Cé nár dífhostaíodh an fostaí, is féidir leis/léi dífhostú éagórach a éileamh in aghaidh an fhostóra, faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 2007.

   - I gcás ina ndéantar dífhostú inchiallaithe, is faoin **bhfostaí** é a chruthú go raibh bonn cirt leis an éirí as.

   - Ní mór iompar d'fhostóra a bheith den chineál, áfach, go raibh sé réasúnta duit deireadh a chur le do chonradh gan fógra a thabhairt.

**8.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| E | F | D | A | B |

**9. Déan idirdhealú idir 'Treoir' agus 'Rialachán' mar ionstraimí reachtacha laistigh den AE.**

**Treoir AE:**

- Is ionstraim dlí í seo a úsáidtear chun dlí AE a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i mballstáit. Cuireann sí oibleagáid ar bhallstáit a ndlíthe náisiúnta a athrú chun rialacha AE a éascú laistigh de thréimhse áirithe.

- Níl sí ina ceangal ach i leith na dtorthaí a bhainfear amach; fágann sé seo go roghnaíonn ballstáit an modh trína mbainfear na rialacha agus na spriocanna amach, laistigh de theorainneacha forordaithe.
.
- Baintear úsáid astu chun dlíthe náisiúnta éagsúla a chur ar aon dul lena chéile agus tá siad coitianta i gcás cúrsaí a théann i bhfeidhm ar oibriú an Mhargaidh Aonair (e.g. caighdeáin sábháilteachta táirgí, DTLL (an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)), an Treoir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair).

**Rialachán AE:**

- Is acht reachtaíochta de chuid an AE é seo atá in-fheidhmithe láithreach mar dhlí ina iomláine i ngach ballstát i gcomhthráth.
- Bíonn tosaíocht acu ar dhlíthe náisiúnta.
- Forghníomhaíonn siad iad féin agus ní theastaíonn aon bhearta cur chun feidhme dóibh.
- Is féidir le hinstitiúidí an AE rialachán a fhorfheidhmiú ar fud an AE.

**10. Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht is féidir a bheith i gceist do ghnólacht má ghlacann bainisteoir leis an gcur chuige i dTeoiric X McGregor i leith na bainistíochta.**

**Impleachtaí is féidir a bheith i gceist:**

- **Lucht oibre díspreagtha** mar thoradh ar an gcur chuige uathlathach, ar easpa comhairliúcháin agus cumhachtaithe. Easpa muiníne; gan tarmligean; meanma íseal.
- **Ráta ard athraithe** sa lucht oibre agus costais athoiliúna ard don chuideachta.
- **Fadhbanna caidrimh thionsclaíoch,** a imríonn tionchar ar tháirgiúlacht/ar aschur**.**
- **Drochbhainistíocht ama** mar nach ndéanfaidh an bainisteoir a ghlacann le Teoiric X tascanna a tharmligean, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le ró-obair agus le strus don bhainisteoir.
- **Caighdeán íseal oibre/aschuir; caighdeán íseal earraí/seirbhísí**; tá easpa dreasachtaí ar fáil le bheith fiontraíoch, le rudaí a dhéanamh ar dhóigh éagsúil, agus le spéis a chur san oibre.

**ROINN 2**
**(80 marc)**
**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 5, 6, agus 7**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

# Cluichí Galaxy Teo.

## (Nótaí Tacaíochta)

**(A) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a bhain le próiseas forbartha an táirge 'Knights' Domain' do Chluichí Galaxy Teo.**

**(30 marc)**

**Giniúint Smaointe:**

- Ceaptar smaointe tosaigh don táirge nua go córasach. Is féidir leo a bheith ina smaointe inmheánacha nó seachtracha.
- D'fhéadfaí smaointe a ghiniúint trí na nithe seo a leanas: seisiúin ransaithe smaointe, taighde margaidh, moltaí foirne, moltaí/aiseolas ó chustaiméirí faoi tháirgí nó faoi sheirbhísí atá ann cheana, iomaitheoirí, taighde agus forbairt, etc.

*"Le gairid, d'aimsigh a bhfoireann dearaidh roinnt smaointe do chluichí nua a bhaineann le gníomhaíocht eachtraíochta, le ceol agus le ríomhfhoghlaim."*

**Scagadh Táirge:**

- Déantar gach smaoineamh a scagadh agus fágtar na smaointe neamhphraiticiúla agus do-oibrithe ar gcúl. Fágann sé sin na smaointe is inmharthana le haghaidh tuilleadh scrúdaithe agus forbartha.
- Cabhraíonn scagadh cúramach le gnólachtaí costais mhóra a bhaineann le forbairt smaointe nach bhfuil indíolta ina dhiaidh sin a sheachaint agus cinntíonn sé nach gcaillfear deiseanna maithe.

*"I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na smaointe éagsúla a cuireadh chun cinn, roghnaíodh 'Knights' Domain', cluiche nua gníomhaíocht eachtraíochta ina ndéantar ríocht fantaisíochta a thógáil."*

**Forbairt coincheapa:**

- Baineann sé seo le táirge nó seirbhís iarbhír a dhéanamh den smaoineamh a bheidh mealltach ag custaiméirí/a chomhlíonfaidh riachtanais chustaiméirí.
- Sainaithnítear gné uathúil dhíolacháin (USP) a dhéanann idirdhealú idir é agus táirgí eile ar an margadh.

*"Chinn an fhoireann dearaidh feidhm a bhaint as ceol Éireannach agus grafaicí ceannródaíocha chun an cluiche a idirdhealú ó chluichí eile."*

**Staidéar Indéantachta:**

- Déantar é seo chun a mheas an bhfuil poitéinseal ag táirge. Fiosraíonn sé cé acu is féidir é a tháirgeadh go teicniúil nó nach féidir (indéantacht táirgthe) agus cé acu a bheidh sé brabúsach nó nach mbeidh (indéantacht airgeadais).
- Iarrann sé freagraí ar cheisteanna amhail: cén t-éileamh a bheidh ar an táirge; cé mhéad a chosnóidh sé é a tháirgeadh agus an bhfuil sé d'acmhainn ag an ngnólacht é a fhorbairt?

*"Chuir Sinéad tuarascáil ghnó le chéile, chomh maith le mionanailís mheá ar mheá, leis an bpoitéinseal a bhain le 'Knights' Domain' a dhéanamh amach."*

**Forbairt Fréamhshamhla:**

- Baineann an chéim seo le heiseamláir nó múnla de tháirge a fhorbairt. Táirgtear í le fáil amach cé na hábhair atá ag teastáil chun an táirge a dhéanamh agus le fail amach cé acu atá sé mealltach ag custaiméirí nó nach bhfuil.
- Is féidir é a úsáid leis an táirge a thástáil le fáil amach an bhfuil sé i gcomhréir le caighdeáin áirithe agus le cinneadh a dhéanamh ar na ceartuithe/na feabhsuithe is féidir a dhéanamh sula gcinntear táirgeadh iomlán a thosú.

*"Tar éis na tuarascála seo, chuir an fhoireann dearaidh leibhéil níos dúshlánaí agus níos mó grafaicí 3T leis an gcluiche."*

**Tástáil Margaidh /Tástáil Táirge:**

- Baineann sé le tástáil bheagscála a dhéanamh chun lochtanna a d'fhéadfadh a bheith ar an táirge a aithint agus chun freagairt custaiméirí a mheas.
- Déantar an táirge a thástáil ar shampla tomhaltóirí féideartha sula dtosaítear táirgeadh iomlán chun sásamh custaiméirí leis an táirge a dhéanamh amach.

*"Cuireadh an cluiche faoi bhráid grúpa de dhaltaí idirbhliana as meánscoil áitiúil. Labhair siadsan go dearfach faoi leibhéil éagsúla an chluiche agus faoina ghrafaicí sainiúla."*

**Táirgeadh agus Seoladh/Tráchtálú:**

- Déantar táirgeadh lánscála ar an táirge agus tugtar isteach sa mhargadh é.
- Roghnóidh an gnólacht straitéis margaíochta oiriúnach chun áitiú ar thomhaltóirí an táirge a cheannach.

*"Seoladh an táirge 'Knights' Domain' i siopaí cluichí éagsúla agus seoladh feachtas fógraíochta ag an am céanna."*

**(B) Déan plé ar fhreagrachtaí sóisialta Chluichí Galaxy Teo. i leith na bpáirtithe leasmhara atá aige. (20marc)**

**Freagrachtaí Sóisialta i leith Scairshealbhóirí/Infheisteoirí**

- Gníomhú de réir a Mheabhráin agus a Airteagal Comhlachais
- Toradh cóir ar an infheistíocht a rinne scairshealbhóirí a chur ar fáil
- Íocaíochtaí iomarcacha leis an ardbhainistíocht a sheachaint
- Léargas fírinneach cóir a thabhairt ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an ghnólachta agus cuntais iomchuí a choinneáil.

*"Go dtí seo, tá €1.5 milliún infheistithe sa chuideachta ag mórghnóthas caipiteal fiontair as an Eoraip."*

**Freagrachtaí Sóisialta i leith Custaiméirí**

- A tháirge a fhógairt ar bhealach cóir agus ionraic
- Cloí le rialacháin sláinte agus sábháilteachta; ní mór do tháirgí a bheith sábháilte.
- Ní mór do na hearraí a bheith i riocht díola, a dtuairisc a mheaitseáil, a bheith oiriúnach don fheidhm, etc.
- Seasamh le ceart an chustaiméara chun gearán a dhéanamh agus na gearáin sin a imscrúdú
- Dea-sheirbhís iardhíola a sholáthar
- Praghas cóir a ghearradh.

*"Rinneadh airgead a infheistiú chun rannóg seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt a mbeadh ardscileanna inti."*

**Freagrachtaí Sóisialta i leith Fostaithe**

- Cloí le Dlí Fostaíochta, Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, etc.
- Pá cóir a íoc le gach fostaí
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil
- Caitheamh le fostaithe le dínit agus le meas/gan leithcheal
- Comhdheiseanna le haghaidh ardú céime, pá, etc. a chur ar fáil do gach fostaí.

"*Meallann agus coinníonn Cluichí Galaxy Teo. fostaithe cruthaitheacha d'ardchaighdeán."*

**Freagrachtaí Sóisialta i leith an Phobail i gCoitinne/an Phobail áitiúil**

- A bheith meabhrach ar an gcomhshaol; cleachtais ghnó atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur i bhfeidhm
- Comhoibriú le hoifigí rialtais e.g. an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Oscailteacht agus trédhearcacht
- Pacáistiú in-athchúrsáilte, déantúsaíocht ghlan, forbairt inbhuanaithe.

*"Thug Dáithí agus Sinéad tosaíocht d'éifeachtúlacht fuinnimh nuair a bhí foirgneamh a bheadh oiriúnach á roghnú."*

**Freagrachtaí Sóisialta i leith Soláthróirí**

- Nósanna imeachta tairisceana a leanúint nuair is infheidhme; caitheamh le gach soláthróir go cothrom
- Suimeanna a íoc laistigh den amscála comhaontaithe.

*"Coinníonn Cluichí Galaxy Teo. dea-chaidreamh lena chuid soláthróirí, agus tá mórán díobh sin ag déanamh gnó leis an gcuideachta ó bunaíodh í."*

**(C) Déan cumasc margaíochta domhanda BizzBuzz a mheasúnú. (30 marc)**

**Táirge Domhanda**

- Is gné den chumasc margaíochta í seo a ndéanann cuideachtaí iarracht gan í a athrú.
- Is é is aidhm do ghnólachtaí domhanda táirge neamhdhifreáilte a dhíol i ngach margadh. Is é is aidhm dóibh gné uathúil dhíolacháin dá dtáirgí agus ainm branda domhanda a fhorbairt.
- Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh gá leis an táirge a oiriúnú chun freagairt do riachtanais theicniúla, dlí agus teanga e.g. carr clé-stiúrtha; d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le pacáistiú a athrú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh áitiúil.

*"Tá na cluichí ar fad ar fáil i ndeich gcinn de theangacha éagsúla."*

**Praghas Domhanda**

Féachann gnólachtaí domhanda le praghas aonfhoirmeach a bhaint amach i ngach margadh; mar sin féin, téann na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar an gcuspóir seo go minic:

- An costas maireachtála i dtíortha éagsúla.
- An costas táirgthe, dáileacháin, margaíochta, iompair i dtíortha éagsúla.
- Taraifí, dleachtanna custaim agus rátaí CBL éagsúla.
- Leibhéil phraghais áitiúla agus praghsanna a ghearrann iomaitheoirí sa mhargadh.

*"Cuireann siad praghsanna na n-iomaitheoirí san áireamh nuair a bhíonn a gcuid praghsanna féin á socrú, chomh maith le barainneachtaí scála éagsúla."*

**Áit Dhomhanda**
De ghnáth, bíonn bealaí dáileacháin domhanda d'earraí fisiciúla níos faide agus bíonn baint ag níos mó idirghabhálaithe ar nós easpórtálaithe agus gníomhairí leo. Mar gheall ar an gcineál punann táirgí atá ag BizzBuzz agus mar gheall ar fhorbairt mhear na teicneolaíochta, áfach, tá bealach dáileacháin díreach oiriúnach. Áirítear iad seo a leanas le samplaí de na bealaí éagsúla atá ar fáil:

- Díol go díreach le custaiméirí
- Úsáid a bhaint as gníomhairí – duine neamhspleách a ghníomhóidh thar ceann an ghnólachta agus a gheobhaidh coimisiún ar dhíolacháin de ghnáth
- Comhghuaillíocht straitéiseach a chruthú le cuideachta eachtrach chun táirgí a tháirgeadh agus/nó a mhargú. Oibríonn comhpháirtithe le chéile chun comhshochair.

*"Cuireann na forbairtí is déanaí ar an teicneolaíocht ar chumas BizzBuzz a chuid cluichí a dháileadh ar fud an domhain trí íoslódáil ón ngréasán ar ríomhairí glúine, ar fhóin chliste agus ar tháibléid."*

**Cur Chun Cinn Domhanda**

- Ní mór difríochtaí i reachtaíocht, i dteanga agus i gcultúr a aithint agus an cur chun cinn á roghnú
- Bheadh fógraíocht Idirlín ar shuíomhanna na meán sóisialta, fógraíocht teilifíse agus raidió ar shuíomh gréasáin BizzBuzz agus aontaí trádála idirnáisiúnta ina modhanna oiriúnacha chun branda, lógó agus sluán BizzBuzz a chur chun cinn ar fud an domhain.

*"Is ainm branda é BizzBuzz a aithnítear ar fud na cruinne agus úsáideann sé an sluán 'Cluiche nua gach lá' ar a shuíomh gréasáin."*

***Measúnú*** **Breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**
Measúnú ar **2** cinn de na '4 P' ar leith **nó** measúnú amháin ar an gcumasc margaíochta domhanda san iomlán.

**TABHAIR FAOI DEARA:**

1. I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal/ráiteas nó ina bhfrása díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag an iarrthóir ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair.
2. Ní bhronnfar marcanna as naisc atá tugtha mura bhfuil teoiric ghnó /ceannteideal ábhartha curtha i láthair ag an iarrthóir.
3. Ní bhronnfar marcanna as teoiric ghnó mura mbaineann an teoiric leis an CGF.

# ROINN 3
# (240 marc)

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## (Nótaí Tacaíochta)

# Cuid 1

### Ceist 1

**(A) (i) Mínigh an téarma 'cosaint sonraí' faoi théarmaí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.**

- Is é cosaint sonraí an modh trína ndéantar na **cearta chun príobháideachta** atá ag daoine aonair **a chosaint** i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta.
- Is éard atá i gceist le cosaint sonraí go bunúsach ná gur cheart do gach duine a bheith ábalta an dóigh a n-úsáidtear faisnéis fúthu a rialú.
- Cinntíonn sí go bhfuil sonraí pearsanta a phróiseáiltear cruinn agus forfheidhmíonn sí **tacar caighdeán** maidir leis an bhfaisnéis sin a phróiseáil.
- Cuireann sí idir **shonraí uathoibrithe** agus **shonraí de láimh** san áireamh.
- Ní mór an fhaisnéis a choimeádtar a bheith cruinn agus cothrom le dáta, ní mór bearta slándála iomchuí a bheith i bhfeidhm lena cosaint agus níor cheart í a choimeád ach don tréimhse is gá.
- Ní féidir leis na cearta atá ag daoine aonair a bheith faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe; ní mór ionchur daonna a bheith ann agus cinntí tábhachtacha a bhaineann le duine aonair á ndéanamh.

**(ii) Pléigh na feidhmeanna atá ag an 'coimisinéir cosanta sonraí' faoi théarmaí an achta seo.**

- Tá **cumhachtaí forfheidhmithe** ag an gcoimisinéir cosanta sonraí, lena n-áirítear fógraí dlí a sheirbheáil a chuireann iallach ar rialaitheoirí sonraí an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil agus sonraí pearsanta a cheartú.

- Féadfaidh an coimisinéir cosanta sonraí **imscrúdú a dhéanamh ar aon ghearáin** a dhéanann an pobal i gcoitinne agus féadfaidh sé údarás a thabhairt d'oifigigh dul isteach in áitreabh agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcineál faisnéise pearsanta a choimeádtar, ar an dóigh a bpróiseáiltear í agus ar na bearta slándála atá i bhfeidhm.

- Déanann an coimisinéir cosanta sonraí **tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú** ina n-ainmnítear, i gcásanna áirithe, na rialaitheoirí sonraí sin a chuir a Oifig faoi imscrúdú nó faoi ghníomh.

- Coinníonn an coimisinéir cosanta sonraí **clár rialaitheoirí sonraí** ina dtugtar sonraí ginearálta faoi chleachtais láimhseála sonraí a úsáideann go leor de na rialaitheoirí sonraí tábhachtacha, ar nós Ranna Rialtais agus institiúidí airgeadais.

- **Dualgais speisialta arna leagan amach ag an Aire:** Ina theannta sin, déanfaidh an coimisinéir cosanta sonraí aon fheidhmeanna i dtaca le cosaint sonraí a thugann an tAire dó nó di trí rialacháin chun críche cur ar chumas an Rialtais éifeacht a thabhairt d'aon oibleagáidí idirnáisiúnta de chuid an Stáit.

- **Fógraí Faisnéise:** Féadfaidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí éileamh ar aon duine cibé faisnéis atá ag teastáil ón gCoimisinéir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh a chur ar fáil dó, amhail imscrúdú a shaothrú.

- **Fógra Toirmisc:** Faoi alt 11 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, féadfaidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí aistriú sonraí pearsanta ón Stát chuig áit lasmuigh den Stát a thoirmeasc.

- **Oifigeach Údaraithe a Cheapadh:** Faoi alt 24 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, féadfaidh an Coimisinéir Cosanta Sonraí "oifigeach údaraithe" a cheapadh chun dul isteach in áitreabh rialaitheoir sonraí nó próiseálaí sonraí agus é a iniúchadh, chun cur ar chumas an Choimisinéara a fheidhmeanna a chomhlíonadh, amhail imscrúdú a shaothrú.

**(B) Déan measúnú ar dhá cheann ar bith de na cuir chuige reachtacha a leanas chun coinbhleacht a réiteach:**

**(i) An Chúirt Mhionéileamh;**

Déileálann an chúirt mhionéileamh le gearáin ó thomhaltóirí agus ón lucht gnó a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí a ceannaíodh le haghaidh úsáid phríobháideach, suas le luach €2,000 ar a mhéad.
Is féidir mionéilimh a shaothrú tríd an tseirbhís seo in aghaidh soláthróirí táirgí agus seirbhísí in aon stát san AE, ach amháin an Danmhairg.

An chaoi a bhfeidhmíonn an chúirt mhionéileamh?

- Tugtar deis don dá thaobh a gcás a chur i láthair agus tugtar spreagadh dóibh teacht ar réiteach comhaontaithe. Níl aon aturnaetha ag teastáil.
- Níl cinntí a dhéanann cláraitheoir na cúirte ina gceangal dlí ach glactar leo de ghnáth.
- Is féidir achomhairc a dhéanamh tríd an gCúirt Dúiche agus a éisteacht roimh bhreitheamh.

***Measúnú* – breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

**(ii) An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais;**

Tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC) freagrach as **dea-chleachtais agus dea-nósanna imeachta um chaidreamh tionsclaíoch** a chur chun cinn trí raon seirbhísí a chur ar fáil d'fhostóirí, do cheardchumainn agus d'fhostaithe.

An chaoi a bhfeidhmíonn an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais?

- Seirbhís Idir-Réitigh/Seirbhís Eadrána san Ionad Oibre – próiseas deonach / bíonn tríú páirtí neamhspleách ina (h)eadránaí / tagtar ar thorthaí trí chomhaontú / níl sé ina cheangal dlí.
- Seirbhís an Choimisinéara um Chearta – fostaí aonair/grúpa beag fostaithe / saincheisteanna a bhaineann le híosphá, sábháilteacht ag an obair. Éisteann an Coimisinéir um Chearta leis an dá thaobh sula n-eisítear moladh. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta.
- An tSeirbhís Chomhairleach um Chaidreamh Tionsclaíoch – nósanna imeachta casaoide/cóid um dhea-chleachtas.
- Oifigigh Comhionannais a cheapadh agus foireann agus áiseanna a chur ar fáil dóibh chun saincheisteanna a bhaineann le leithcheal a imscrúdú.
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse an chaidrimh thionsclaíoch.

***Measúnú* – breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

**(iii) An Binse Achomhairc Fostaíochta.**

Comhlacht neamhspleách é an Binse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh chun modh cóir, neamhchostasach agus neamhfhoirmiúil a chur ar fáil **do dhaoine aonair** d'fhonn réitigh a lorg ar shárú líomhnaithe a gceart reachtúil i ndáil le cearta fostaíochta, comhionannais agus caidrimh thionsclaíoch.

Cén chaoi a bhfeidhmíonn an Binse Achomhairc Fostaíochta?

- Tá cinneadh scríofa an Bhinse Achomhairc Fostaíochta cinntitheach agus dochloíte; ach tá siad faoi réir ag achomharc dlíthiúil ar an mbealach cuí.
- Nuair a éiríonn le fostaí i gcás faoin Acht um Dhífhostú Éagórach is féidir é/í a chur ar ais sa phost, a ath-imlonnú i bpost eile sa chuideachta nó i mbrainse eile den chuideachta nó d'fhéadfadh sé/sí cúiteamh airgeadais a fháil as ioncam a cailleadh suas go dtí pá 2 bhliain ar a mhéad.

***Measúnú* – breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

**An Todhchaí**

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre seirbhísí reatha na gcomhlachtaí seo a leanas le chéile in 2013: an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, Seirbhís an Choimisinéara um Chearta, an Binse Comhionannais, an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta agus feidhmeanna céadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Is í an Chúirt Oibreachais an t-aon chomhlacht achomhairc a bheidh ann do gach achomharc i leith caidrimh san ionad oibre, lena n-áirítear iad siúd a éisteann an Binse Achomhairc Fostaíochta faoi láthair.

**(C) Léirigh do thuiscint ar na téarmaí seo a leanas maidir le conradh bailí: Comhaontú; Dlíthiúlacht foirme; Comaoin**

**Comhaontú:**
Le go mbeidh comhaontú ann, ní mór go mbeadh tairiscint shoiléir, iomlán agus neamhchoinníollach i dteannta ghlacadh na tairisceana sin ann.

*Tairiscint:* Gealltanas a bheidh faoi cheangal ar choinníoll go nglactar le téarmaí na tairisceana.
Is féidir an tairiscint a dhéanamh ó bhéal, i scríbhinn nó trí iompraíocht agus is aitheantas soiléir é seo de thoilteanas an tairgeora dul isteach i gcomhaontú faoi théarmaí sainithe.
e.g. Ba é €9,000 an praghas ar an gcarr athláimhe – **thairg** Seosamh **(an ceannaitheoir)** €9,000 ar an gcarr.

*Glacadh:* Comhaontaíonn an páirtí a fhreagraíonn don tairiscint le téarmaí na tairisceana ó bhéal, i scríbhinn, nó trí iompraíocht.
Ní mór don pháirtí eile glacadh leis an tairiscint agus an tairiscint a thógáil mar atá, gan aon choinníollacha.
e.g. **Glacann** Micheál **(an díoltóir)** le tairiscint Sheosaimh de €9,000.

**Dlíthiúlacht foirme**
Le go meastar conarthaí áirithe a bheith dleathach, ní mór iad a dhréachtú ar bhealach ar leith. Tá roinnt conarthaí ann nach mór a bheith i scríbhinn má tá siad le bheith bailí de réir dlí.
Áirítear ina measc seo:

- Polasaithe árachais
- Comhaontuithe fruilcheannaigh
- Conarthaí maidir le díolachán maoine nó talún
- Idirbhearta scaireanna
- Creidmheas tomhaltais agus iasachtaí bainc.

**Comaoin**
Ní mór do gach páirtí i gconradh rud éigin a bhfuil luach air a thabhairt don pháirtí eile.
Ní mór rud éigin a bhfuil luach air a mhalartú.
Má tá comaoin ann, ní chruthóidh an chúirt amhras faoina leorgacht, ar choinníoll go bhfuil luach áirithe uirthi.
e.g. Íocann Seosamh €9,000 le Micheál agus faigheann sé carr.
De ghnáth, íocaíocht airgeadaíochta de chineál éigin í an chomaoin ach d'fhéadfadh sí a bheith ina ní luachmhar a mhalartaítear mar chuid den chonradh.

## Ceist 2

**(A) Pléigh na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le Comhpháirtíocht mar chineál úinéireachta gnó**

**Deiseanna**

- Bíonn fáil ag comhpháirtíochtaí ar níos mó **caipitil** toisc gur féidir le suas go dtí fiche comhpháirtí acmhainní airgeadais a thabhairt chuig an ngnólacht.
- Bíonn fáil ag comhpháirtíochtaí ar **thacair éagsúla scileanna** toisc go bhféadfadh comhpháirtithe nua tacair scileanna agus saineolas nua a thabhairt chuig an ngnólacht e.g. scileanna TF nó margaíochta.
- Féadann **cinnteoireacht níos éifeachtaí** teacht as comhpháirtíochtaí toisc go gcomhroinntear an próiseas cinnteoireachta trí dhearcthaí agus tuairimí éagsúla a fháil ó raon daoine ardtallainne.
- Cumas le **barainneachtaí scála** a bhaint amach.
- Féadann faisnéis airgeadais a bheith **rúnda** fós.

**Dúshláin**

- Bíonn **fiachas neamhtheoranta** ag comhpháirtithe den chuid is mó. Ciallaíonn sé seo go mbeidh siad freagrach as fiacha an ghnólachta má bhreithnítear ina fhéimheach é agus d'fhéadfadh go mbeadh orthu a sócmhainní pearsanta a fhorghéilleadh d'fhonn fiacha gnó a íoc.
- Bíonn a gcomhpháirtithe **faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach** as fiacha an ghnólachta, rud a chiallaíonn go mbíonn comhfhreagracht orthu as fiacha na gcomhpháirtithe eile agus gur féidir a sócmhainní pearsanta a úsáid chun fiacha a gcomhpháirtithe a ghlanadh.
- D'fhéadfadh cinnteoireacht chomhroinnte a bheith ina cúis le difríochtaí tuairimí, le heasaontuithe, le hargóintí idir na comhpháirtithe agus le deiseanna caillte. Ba é an toradh ab fhearr a bheadh air seo ná **cinnteoireacht mhoillithe** nó ba é scaoileadh na comhpháirtíochta an toradh ba mheasa a bheadh air.
- Ní mór brabús an ghnólachta a chomhroinnt de réir an chóimheasa atá leagtha amach sa ghníomhas comhpháirtíochta.
- Ní eintiteas dlíthiúil ar leith é agus, dá bhrí sin, **is iad na comhpháirtithe in ionad an ghnólachta a fhéadtar a bheith inagartha de réir an dlí**.
- Sa chás go bhfaigheann comhpháirtí amháin bás nó go n-éiríonn comhpháirtí amháin as, ní mór an chomhpháirtíocht **a scaoileadh**.

**(B) Tabhair breac-chuntas ar ról Rialtas an hÉireann i spreagadh agus i rialú gnó in Éirinn.**

Ról Rialtas na hÉireann i **spreagadh gnó:**

- Spreagtar gníomhaíocht ghnó trí **laghduithe ar chánachas**. Dhéanfadh laghdú ar rátaí ÍMAT cumhacht caithimh a mhéadú agus éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí a spreagadh. D'fhéadfadh laghdú ar Cháin Chorparáide brabús cuideachta a fheabhsú, chomh maith leis an gcumas fás an ghnólachta sa todhchaí a mhaoiniú. Laghdaíonn laghdú ar CBL costas earraí agus seirbhísí, spreagann sé éileamh agus déanann sé geilleagar na hÉireann níos iomaíche.

- Spreagtar gníomhaíocht ghnó trí **mhéaduithe ar chaiteachas Stáit**. D'fhéadfadh an rialtas caiteachas caipitiúil ar bhonneagar, ar scoileanna, ar ospidéil, etc. a mhéadú. Cruthóidh sé seo poist agus éileamh tomhaltais.

- Trí **ghréasán gníomhaireachtaí stáit** a thugann comhairle, oiliúint agus treoir gnó, seirbhísí meantóireachta agus cúnamh deontais chun fás agus fairsingiú a éascú. Seo roinnt samplaí:
  Fáilte Éireann (turasóireacht a fhorbairt agus a chur chun cinn)
  Fiontraíocht Éireann (cúnamh deontais don tionsclaíocht dhúchasach, e.g. taighde agus forbairt, margaíocht)
  FÁS, a dtiocfaidh SOLAS i gcomharba air (a sholáthraíonn oiliúint thionsclaíoch d'oibrithe)
  GFT Éireann (a sholáthraíonn cúnamh deontais chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh)
  Boird Fiontar Contae chun fiontraíocht a spreagadh.

- Trí **phleanáil an rialtais.** Laghdaíonn pleanáil ar aghaidh neamhchinnteacht do ghnólachtaí. Tugann comhaontuithe náisiúnta pá a bhfuil baint ag na comhpháirtithe sóisialta leo deis do ghnólachtaí a gcostais phá sa todhchaí a réamh-mheas, agus laghdaíonn siad go mór an riosca a bhaineann le fadhbanna caidrimh thionsclaíoch le linn thréimhse feidhme an chomhaontaithe.

Ról an Rialtais i **rialú gnó:**

- Rialaíonn an rialtas gnó d'fhonn an **comhshaol** a chosaint. Bhunaigh sé an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) arb é a ról an comhshaol a chosaint trí ghníomhaíochtaí gnó a cheadúnú agus a fhorfheidhmiú agus trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Rialaíonn an rialtas gnó d'fhonn an **tomhaltóir** a chosaint. Leis an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, tugadh cearta don tomhaltóir i ndáil le hearraí nó seirbhísí a cheannaítear nó a fhruilítear. Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, a dhéanann cleachtais trádála éagothroma a imscrúdú agus a ionchúiseamh, leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
- Rialaíonn an rialtas gnó d'fhonn na **fostaithe** san ionad oibre a chosaint trí reachtaíocht maidir le dífhostú éagórach, comhionannas agus caidreamh tionsclaíoch. Bhunaigh sé an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a oibríonn chun cultúr náisiúnta a chruthú mar a ngabhann gach páirtí leasmhar orthu ionaid oibre atá sábháilte agus sláintiúil a choimeád.
- Rialaíonn an rialtas gnó d'fhonn an **pobal i gcoitinne** a chosaint ar mhí-úsáid faisnéise i bhformáid láimhe nó i bhformáid leictreonach tríd an Acht um Chosaint Sonraí 2003. Is é cosaint sonraí an modh trína ndéantar na cearta chun príobháideachta atá ag daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta.

**(C) Pléigh na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí in earnáil na seirbhísí de gheilleagar na hÉireann.**
**Tabhair samplaí mar thacaíocht le do fhreagra**

- Tá cánacha cosúil leis an muirear teaghlaigh, an cháin réadmhaoine agus ciorruithe ar chaiteachas an rialtais ar leas sóisialach ina gcúis le laghdú ar an ioncam indiúscartha atá ag tomhaltóirí. De réir mar a laghdaítear an chumhacht caithimh a bhíonn ag tomhaltóirí, laghdaítear an t-éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí a dhíolann gnólachtaí in earnáil na seirbhísí miondíola.
- Dúnadh/scrúdaitheoireacht/dócmhainneacht miondíoltóirí.
- An cúlú ag imirt drochthionchair ar na fiontair bheaga agus mheánmhéide e.g. soláthróirí don tionscal foirgníochta.
- Il-ollmhargaí móra in aghaidh asraonta miondíola beaga agus an deacracht a bhaineann le dul in iomaíocht leo.
- Fás ar mhiondíoltóirí lascaine e.g. Aldi, Lidl, TK Maxx.
- Dírialú i roinnt tionscal e.g. tionscal na dtacsaithe
- Tóstal Éireann 2013 agus a thionchar ar sheirbhísí (óstáin, taisteal, etc.)
- Tá laghdú ar líon na gcustaiméirí i ndán do gnólachtaí in earnáil na seirbhísí mar gheall ar na dúshláin atá os comhair lár bailte a thagann as iomaíocht le mórionaid siopadóireachta fo-uirbeacha agus na córais shriantacha pháirceála atá i bhfeidhm. Mar gheall ar thicéid pháirceála chostasacha, fíneálacha agus bagairt na clampála, bíonn lár bailte, mar a bhfeidhmíonn cuid mhór gnólachtaí in earnáil na seirbhísí, á seachaint ag daoine.
- Mar thoradh ar mhéaduithe CBL, bíonn earraí agus seirbhísí níos costasaí don tomhaltóir, a chruthaíonn laghdú ar éileamh agus a dhéanann difear don ghnólacht. Mar shampla, mar thoradh ar an tionchar diúltach a bhí ag ardú CBL go 23%, thit méid na ndíolachán i siopaí ilrannacha de 18.4%, agus thit díolacháin earraí leictreacha de 12.0%.
- Mar gheall ar mhéaduithe ar dhleachtanna máil ar tháirgí tobac, tháinig méadú ar smuigleáil tobac. Leanann dleachtanna máil ar thoitíní de bheith ag ardú, rud a fhágann go mbíonn sé níos tarraingtí do chustaiméirí táirgí neamhdhleathacha atá an-saor a dhíoltar ar an margadh dubh a cheannach. Sa bhliain 2010, chaill miondíoltóirí na hÉireann €896 milliún i láimhdeachas, mar gur caitheadh an tsuim seo sa mhargadh dubh.
- Tá an fás ar an earnáil TFC ina chúis le deiseanna fostaíochta. Dúirt Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fujitsu Éireann ag Fóram Intel um Oideachas le déanaí, áfach, go bhfuil folúntais phoist ag 75% d'fhostóirí TFC in Éirinn. Is údar imní atá ag dul i méid é an ganntanas scileanna a bheith ag méadú san earnáil TFC, cás atá ag dul in olcas mar gheall ar an líon íseal daltaí a roghnaíonn tabhairt faoi chúrsaí teicneolaíochta ar an tríú leibhéal.
- Tá dinimic earnáil na seirbhísí á hathrú ag an bhfás ar ríomhghnó, ar modh é chun earraí agus seirbhísí a cheannach agus a dhíol ar an Idirlíon. Áirítear Tesco agus Next le miondíoltóirí atá ag gluaiseacht chuig oibríochtaí ar líne.

## Ceist 3

**(A) (i) Mínigh na téarmaí 'Comhardú na Trádála' agus 'Comhardú na nÍocaíochtaí'.**

Comhardú na Trádála

- An difríocht idir **easpórtálacha sofheicthe agus iompórtálacha sofheicthe.**
- Is ionann easpórtálacha sofheicthe agus earraí fisiceacha a sheoltar amach as an tír agus tagann airgead isteach dá mbarr e.g. ríomhairí Apple, Mairteoil a easpórtáiltear go dtí an Ríocht Aontaithe, uaineoil a easpórtáiltear go dtí an Fhrainc.
- Is ionann iompórtálacha sofheicthe agus earraí fisiceacha a thagann isteach sa tír agus téann airgead amach dá mbarr, e.g. Fíon ón bhFrainc, bróga leathair ón Iodáil.

Comhardú na Trádála
Easpórtálacha Sofheicthe > Iompórtálacha Sofheicthe = Barrachas
Easpórtálacha Sofheicthe < Iompórtálacha Sofheicthe = Easnamh

Comhardú na nÍocaíochtaí

- An difríocht idir **Easpórtálacha Iomlána (Sofheicthe agus Dofheicthe) – Iompórtálacha Iomlána (Sofheicthe agus Dofheicthe)**
- An tsuim iomlán airgid a thagann isteach i dtír agus a théann amach uaithi i rith na bliana.
- Áirítear leis Comhardú na Trádála móide Comhardú na Trádála Dofheicthe.
- Easpórtálacha dofheicthe e.g. turasóirí Meiriceánacha ar saoire in Éirinn. Iompórtálacha dofheicthe e.g. Éireannaigh ar saoire sa Spáinn.

Comhardú na nÍocaíochtaí
Easpórtálacha Iomlána > Iompórtálacha Iomlána = Barrachas
Easpórtálacha Iomlána < Iompórtálacha Iomlána = Easnamh

**(ii) Ríomh figiúirí Chomhardú na nÍocaíochtaí don dá bhliain ó na sonraí thuas.**

Comhardú na nÍocaíochtaí = Comhardú na Trádála móide Comhardú na Trádála Dofheicthe

Ráithe 2, 2012: Comhardú na nÍocaíochtaí = 10,004 €m + (6,769) €m
= barrachas 3,235 €m

Ráithe 2, 2011: Comhardú na nÍocaíochtaí = 9,660 €m + (9,192) €m
= barrachas 468 €m

**(iii) Léirigh a bhfuil i gceist leis an téarma 'easpórtálacha dofheicthe' trí thagairt do gheilleagar na hÉireann.**

- Nuair a cheannaíonn eachtrannach seirbhís Éireannach.
- Is ionann easpórtálacha dofheicthe agus **seirbhísí Éireannacha** a dhíolann gnólachtaí Éireannacha thar lear.
- Airgead a thagann isteach go hÉirinn mar gheall ar sheirbhísí Éireannacha a dhíoltar thar lear le custaiméirí eachtracha.

**(B) Pléigh na deiseanna agus na dúshláin do chuideachtaí móra dúchasacha mar Kerry Group cpt a bhaineann le heaspórtáil chuig tíortha nach bhfuil san AE.**

**Na deiseanna**

- Bhí tionchar dearfach ag *athruithe ar an teicneolaíocht* ar lucht easpórtála na hÉireann nuair a rinne siad an saol níos fusa ó thaobh cumarsáide de agus bhíothas in ann an chumarsáid seo a dhéanamh láithreach bonn agus ar fud an domhain.
- Tá lucht easpórtála na hÉireann in ann a gcuid earraí a chur ar an margadh idirnáisiúnta a bhuíochas leis an idirlíon.
- Is féidir cruinnithe a bheith ar siúl agus gan ach codán den chostas a bheadh ar ghnáthchruinniú a íoc a bhuíochas le físchomhdháil. Is féidir cumarsáid mheandrach, shaor agus iontaofa a dhéanamh a bhuíochas le ríomhphoist.
- Chruthaigh *oscailt margaí nua atá ag teacht chun cinn* Is í an tSín an dara geilleagar is mó ar domhan anois tar éis di áit na Seapáine a ghlacadh deiseanna nua do lucht easpórtála na hÉireann, i limistéar an bhia agus na ndeochanna go háirithe.
- Tá gá le hearraí ardleibhéil san Afraic anois mar gheall ar an meánaicme atá ag fás, agus ar an gcumhacht caiteachais a ghabhann léi. Tugann sé sin deis shuntasach d'Éirinn.
- *Laghdaítear rioscaí gnó* mar gheall air go bhfuiltear ag brath níos lú ar mhargadh (intíre) na hÉireann. Is féidir barainneachtaí scála a bheith ann i gcomhthéacs margaí níos mó. Ba cheart go méadódh sé sin iomaíochas i measc gnólachtaí.
- *Cultúr agus Íomhá Ghlas.* Gné uathúil dhíolacháin do chuideachtaí mar Kerry Group cpt is ea cultúr ársa Ceilteach na hÉireann agus a híomhá mar thír gan mhilleadh atá saor ó thruailliú nuair a bhíonn margaíocht á déanamh ar tháirgí bia thar lear.

**Dúshláin**

- Dúshlán do lucht easpórtála na hÉireann is ea *an fás i ndomhandú* agus cuideachtaí domhanda a dhéanann a n-earraí d'ardchaighdeán a tháirgeadh ar phraghsanna iomaíocha. Beidh ar chuideachtaí easpórtála na hÉireann éirí níos éifeachtúla agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt d'fhonn táirgí a sholáthar a bhfuil gné uathúil dhíolacháin (USP) acu chun an bhagairt iomaíoch ó chuideachtaí domhanda a shárú.
- D'infheistigh Kerry Group €100 milliún le déanaí i saoráid nua taighde agus forbartha in Éirinn chun freastal ar chustaiméirí in EMEA (an Eoraip, an Meán-Oirthear agus an Afraic).

- *Luaineachtaí sa Ráta Malairte/Airgeadra.* De réir mar a théann an Euro (€) chun treise, mar shampla in aghaidh Dhollar na Stát Aontaithe ($), éiríonn easpórtálacha na hÉireann níos costasaí agus bhí sé seo ina bhonn le maolú ar dhíolacháin leis na margaí ríthábhachtacha idirnáisiúnta seo.

- Tá earraí a thrádáiltear idir tíortha an AE agus tíortha nach bhfuil san AE faoi réir *dleachtanna áirithe custaim*, a mhéadaíonn praghas díolta na n-easpórtálacha agus a fhágann nach bhfuil siad chomh hiomaíoch agus a d'fhéadfaidís a bheith. Is minic a bhíonn trádáil lasmuigh den AE faoi réir srianta agus d'fhéadfadh go mbeadh *ceadúnais bhreise easpórtála* ag teastáil, mar shampla.
- D'fhéadfadh go mbeadh *difríochtaí teanga agus cultúrtha* ina mbac nuair a bhítear ag easpórtáil chuig tíortha nach bhfuil san AE. Tá sé tábhachtach eolas a fháil ar nósanna, ar chultúr agus ar theanga ar mhaithe le táirgí a mhargú gan stuaic a chur ar dhaoine. D'fhéadfadh go mbeadh cumasc oiriúnaithe margaíochta ag teastáil mar shampla bhí deacrachtaí ag seoladh Kingfisher, sreang siopaí DIY sa Bhreatain, sa tSín mar nach raibh an margadh feabhsúcháin tí sa tír sin forbartha go leor ag an am sin.
- Beidh *costais dáileacháin* níos airde toisc go bhfuil Éire suite go geografach ar fhorimeall na hEorpa, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le costais iompair níos airde agus praghsanna níos daoire.

**(C) Pléigh na slite a mbainfidh geilleagar na hÉireann tairbhe as fanacht mar bhall den AE**

- Chuir cruthú **an Mhargaidh Aonair** i 1993 deireadh le bacainní trádála laistigh den AE, rud a chiallaigh go raibh saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, an lucht saothair agus caipitil ann idir na Ballstáit as sin amach.
- Faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP), íoctar praghsanna cuí le feirmeoirí as a gcuid táirgí. Idir 1973 agus 2008, fuair feirmeoirí Éireannacha €44 billiún faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP).
- Cuireadh **cistí struchtúracha** arbh fhiú níos mó ná €17 mbilliún iad ar fáil d'Éirinn ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó Chiste Comhtháthaithe na hEorpa, a chabhraíonn le bóithre agus le bonneagar iompair phoiblí a fheabhsú.
- Mar bhall den AE, agus rochtain oscailte aici ar mhargadh an AE, bhí geilleagar na hÉireann níos tarraingtí **d'infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI)**, agus cruthaíodh **deiseanna fostaíochta** dá bharr. Is ionann luach na hinfheistíochta dírí eachtraí (FDI) in Éirinn sa lá atá inniu ann agus níos mó ná €30 billiún.
- Mar gheall ar thabhairt isteach an **airgeadra aonair**, cruthaíodh dreasachtaí breise d'infheisteoirí eachtracha chun lonnú in Éirinn agus **cobhsaíocht choibhneasta praghais**. A bhuí leis an euro, tá an saol i bhfad níos éasca do ghnólachtaí agus do thaistealaithe Éireannacha agus iad ag trádáil le limistéar an euro nó ag tabhairt cuairte ar thíortha i limistéar an euro.
- Mar gheall ar **threoracha comhshaoil** an AE agus ar an dóigh a gcuirtear úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh chun cinn, tá gnólachtaí na hÉireann suite go straitéiseach chun tairbhe a bhaint as gaothchumhacht agus as tonnchumhacht in áit breoslaí iontaise.
- Bhain taighdeoirí Éireannacha tairbhe shuntasach as an maoiniú atá ar fáil ó chreatchláir an AE. Thug an séú Creatchlár Taighde (FP6), a bhí ar siúl ó 2002 go 2006, tacaíocht de thart ar €200 milliún do thaighde Éireannach.

- Tá **laghdú tagtha ar chostais riaracháin don lucht gnó** agus tá níos lú maorlathais ann mar gur cuireadh deireadh leis na mílte foirm riaracháin a bhí ag teastáil roimhe seo do thrádáil.
- Cinntíonn **comhchuibhiú cánacha** ar fud an AE **nach saobhfar iomaíocht**, e.g. tá rátaí CBL agus dleachtanna máil comhchosúla i bhfeidhm sna ballstáit.
- Is féidir barainneachtaí scála a bheith ann mar gheall ar chruthú mhargadh ollmhór an AE ina bhfuil níos mó ná 500 milliún duine.

## Ceist 4

**(A)**

**(i) Mínigh an téarma 'infhiontraíocht'.**

- Is éard atá i gceist le hinfhiontraíocht gníomhaíocht fiontraíochta **laistigh den ghnólacht** / cumann **fostaithe smaointe nua/glacann fostaithe le freagracht phearsanta**, rudaí a bhféadfaí gníomhaíochtaí brabúsacha a dhéanamh díobh.
- Daoine airgtheacha, cruthaitheacha agus nuálacha iad infhiontraithe; bíonn siad i gcónaí ag féachaint le bealaí a aimsiú chun an gnólacht a fhorbairt/a fhairsingiú; agus chun próisis ghnó/táirgí a fheabhsú gan aon riosca airgeadais a bheith ag gabháil leo.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar mhodhanna chun infhiontraíocht a chur chun cinn in EducaPrint Teo.**

- Spreagann **cumhachtú**/rannpháirtíocht fostaithe cruthaitheacht mar go dtugtar níos mó saoirse d'fhostaithe ina gcuid poist trí fhíorchumhacht, trí fhíorfhreagracht agus trí fhíorúdarás a chur i lámha na bhfostaithe.
- Cruthaigh **cultúr** laistigh den eagraíocht ina bhfuil sé **inghlactha botúin a dhéanamh**.
- **Luachanna saothair airgeadais ar iarracht agus cruthaitheacht** D'fhéadfadh meascán de phá, de dhreasachtaí agus de shochair a bheith i gceist leis na luachanna saothair sin. Scéim bónas nó scéim roinnte brabúis nó scéim scairúinéireachta, mar shampla. D'fhéadfaí scair-roghanna a thabhairt do Sheán Ó Laoire mar luach saothair ar a chuid nuálaíochta.
- Spreagann **obair bhuíne** cruthaitheacht i measc fostaithe mar go n-éascaíonn sí seisiúin ransaithe smaointe mar chuid den phróiseas forbartha táirgí. D'fhéadfadh an struchtúr maitríse a úsáideann EducaPrint Teo. tuilleadh infhiontraíochta a spreagadh.
- **Soláthróir acmhainní.** Cuir acmhainní ar fáil chun cabhrú le fostaithe a gcuid smaointe a shaothrú (e.g. airgeadas, am).
- **Clár oiliúna** d'fhostaithe agus don bhainistíocht, á n-oiliúint i gcur i bhfeidhm cultúr infhiontraíochta laistigh de ghnólacht.

**(B) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí agus ar na dúshláin a bhaineann le struchtúr eagraíochtúil maitríse (struchtúr foirne) d'EducaPrint Teo. I bhforbairt na dtáirgí ríomhleabhar.**

*Buntáistí*

- Is struchtúr foireann-bhunaithe é a bhfuil **saineolas aige ó ranna éagsúla** e.g. margaíocht, airgeadas, teicneolaíocht na faisnéise, táirgeacht. Mar thoradh ar an mbreis idirghníomhaíochta i measc ranna, beidh tuiscint níos fearr ag baill foirne ar ranna aonair.

- **Ionchur ag gach ball foirne i gcinnteoireacht agus i réiteach fadhbanna**, a cheadaíonn (sineirgíocht níos fearr idir) aschur agus táirgiúlacht níos fearr. Tiocfaidh smaointe nua chun cinn agus déanfar cinntí níos fearr.
- De ghnáth, cuirtear struchtúr maitríse ar bun chun tabhairt faoi **thionscadail ar leith** amhail forbairt táirgí laistigh de chomhthéacs taighde agus forbartha. Bheadh sé sin ar aon dul le forbairt na dtáirgí ríomhleabhar ag EducaPrint Teo.
- Faigheann baill foirne tacaíocht ó **cheannaire tionscadail** atá freagrach as obair na foirne a chomhordú agus as críochnú tascanna a chinntiú e.g. ag cinntiú go mbeidh fostaithe agus trealamh ardspeisialaithe ar fáil don fhoireann.
- Ba cheart go mbainfeadh na fostaithe **níos mó sásaimh as a bpost** de bharr go gcuirtear iarrachtaí uile na mball foirne san áireamh. Bíonn siad níos inspreagtha ós rud é go sásaíonn rannpháirtíocht i bhfoirne riachtanais shóisialta na bhfostaithe (Teoiric Maslow ar Spreagadh). Feabhsaítear meanma na foirne.

*Dúshláin*

- D'fhéadfadh go mbeadh **beirt bhainisteoirí** – an bainisteoir tionscadail agus an bainisteoir feidhmiúil – ag gach fostaí, agus d'fhéadfadh mearbhall agus coimhlint teacht as seo.
- Beidh scileanna cumarsáide agus scileanna idirphearsanta níos fearr ag teastáil ó na fostaithe de bharr go bhfuil siad ag oibriú i ngrúpa agus ag déileáil le pearsantachtaí éagsúla.
- Téann foirne rathúla trí na céimeanna forbartha foirne éagsúla: foirmiú, stoirmiú, normú agus feidhmiú. D'fhéadfadh coinbhleacht agus clonscairt pearsantachta teacht chun cinn le linn chéim an stoirmithe, agus d'fhéadfadh fadhbanna caidrimh thionsclaíoch teacht astu sin.
- D'fhéadfadh **cinnteoireacht a bheith mall** mar go bhféadfadh sé roinnt ama a thógáil chun comhaontú na foirne a bhaint amach le linn comhairliúcháin. D'fhéadfadh nach mbeadh an struchtúr eagraíochtúil maitríse oiriúnach le linn géarchéime nó éigeandála nuair nár mhór cinntí deacra a dhéanamh go tapa e.g. gnó a bhunathrú, dul i ngleic le dócmhainneacht.

**(C) Pléigh an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht bhainistíochta 'pleanáil' d'EducaPrint Teo.**

- Is éard atá i gceist le pleanáil **spriocanna agus cuspóirí sonracha** a leagan amach agus **straitéisí** a chur ar fáil a ligeann duit spriocanna agus cuspóirí sonraithe an ghnólachta a bhaint amach. Cinntíonn pleanáil go ndéanfaidh EducaPrint Teo. machnamh ar an todhchaí agus ar an gcaoi a mbainfidh sé rath leanúnach amach.
- Tugann pleanáil feidhm agus treoir d'EducaPrint Teo. agus **laghdaíonn sí riosca** agus éiginnteacht.
- Céim thosaigh sa phróiseas pleanála is ea **anailís LLDB** (SWOT). Is é aidhm EducaPrint Teo. leas a bhaint as a láidreachtaí agus deiseanna agus iarracht a dhéanamh tionchar na laigí agus na mbagairtí a laghdú a oiread agus is féidir ag an am céanna.

- **Ráiteas Misin:** Ráiteas físe é seo a thugann breac-chuntas ar cé hiad an gnólacht, cad a dhéanann an gnólacht agus cá bhfuil an gnólacht ag dul.
  e.g. Is gnólacht é EducaPrint Teo. a fhoilsíonn leabhair scoile agus ríomhleabhair in Éirinn. Thabharfadh sé sin léargas do na páirtithe leasmhara ar chroíluachanna agus ar chultúr EducaPrint Teo.
- **Pleanáil Straitéiseach:** Pleanáil fhadtéarmach í seo a chlúdaíonn tréimhse cúig bliana nó níos mó. Dréachtaíonn an ardbhainistíocht í go hiondúil agus tugann sí breac-chuntas ar an gcaoi a mbainfear spriocanna fadtéarmacha an ghnólachta amach.
  e.g. D'fhéadfadh go gcinnfeadh EducaPrint Teo. a shamhail rathúil ghnó a leathnú go dtí margadh foilsitheoireachta na Ríochta Aontaithe.
- **Pleanáil Oirbheartaíochta:** Pleanáil ghearrthéarmach í seo a bhriseann an plean straitéiseach i dtréimhsí atá níos giorra agus níos éasca le láimhseáil. Déileálann sí leis an gcuid 'láithreach' den phlean. An lucht meánbhainistíochta a dhéanann í a dhréachtú go hiondúil.
  e.g. D'fhéadfadh go ndéanfadh EducaPrint Teo. iarracht grúpa custaiméirí nua a fháil sa chéad bhliain eile.
- **Pleanáil Theagmhasach:** Pleanáil chúltaca í seo le déileáil le héigeandálacha/eachtraí gan choinne agus le cúinsí gan choinne. Téann pleananna teagmhais chun tairbhe d'EducaPrint Teo. trí bhristeacha gnólachta a chosc agus trí chaillteanas brabúis agus teip fhéideartha ghnó a chosc dá thairbhe.
  e.g. D'fhéadfadh go mbeadh soláthróirí eile páipéir ag EducaPrint Teo do na leabhair thraidisiúnta a chuireann siad i gcló.

**Ceist 5**

**(A) Ríomh an pá glan míosúil a thugann Audrey Nic an Ghaill abhaile léi.**

**Cáin Audrey Nic an Ghaill a ríomh**

€ € €

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| **Olltuarastal** | | | 78,000 |
| **Móide Sochar Comhchineáil** | | | 2,000 |
| **Ollioncam** | | | 80,000 **(2m)** |
| | | | |
| **An cháin ÍMAT atá iníoctha a ríomh** | | | |
| €32,800 @ 20% | | 6,560 **(1m)** | |
| €47,200 @ 41% **(1m)** | | 19,352 **(1m)** FI | |
| **Ollcháin ÍMAT** | | 25,912 **(1m)** FI | |
| | | | |
| **Lúide Creidmheasanna cánach** | | | |
| **Creidmheas Duine Shingil** | 1,650 **(1m)** | | |
| **Creidmheas ÍMAT** | 1,650 **(1m)** | | |
| **Creidmheas Cíosa** | 320 **(1m)** | | |
| | 3,620 | (3,620) | |
| (A) **An cháin ghlan atá Iníoctha** | | 22,292 **(1m)** FI | |
| | | | |
| (B) **ÁSPC an Fhostaí** | | | |
| €80,000 @ 4% | | 3,200 **(2m)** | |
| | | | |
| (C) **Muirear Sóisialta Uilíoch (USC)** | | | |
| €10,036 @ 2% | 200.72 **(1m)** | | |
| €5,980 @ 4% | 239.20 **(1m)** | | |
| **Iarmhéid** €63,984 @ 7% **(1m)** | 4,478.88 **(1m)** FI | 4,918.80 **(1m)** FI | |
| | | | |
| | | | |
| **Asbhaintí Reachtúla Iomlána** | | | (30,410.80) |
| (A+B+C) | | | |
| | | | |
| **Glanioncam (Pá Glan) sa bhliain** (€78,000 - €30,410.80) | | | 47,589.20 |
| | | | |
| | | | |
| **Glanioncam (Pá Glan) sa mhí** | (47,589.20 ÷ 12) **(2m)** | | 3,965.77 **(1m)** |
| | | | |
| | | | FI = Figiúirí an Iarrthóra féin |
| | | | |

**(B) Mínigh na cineálacha éagsúla de luach saothair airgeadais agus neamhairgeadais d'fhostaithe i ngnólacht.**

***Luach saothair airgeadais:***

Amráta:
I gcás amráta, déantar íoctar méid seasta le fostaithe in aghaidh na huaire ar feadh líon seasta uaireanta in aghaidh na seachtaine.
Má oibríonn an fostaí níos mó ná an líon seasta uaireanta, íoctar ragobair ar rátaí éagsúla os cionn an íosráta e.g. am go leith nó am dúbailte.

Tascráta:
Baineann sé seo leis an íocaíocht a thugtar d'fhostaithe i leith gach aonaid a tháirgtear nó i leith gach taisc a chuirtear i gcrích. Tuilleann an fostaí níos mó airgid de réir mar a mhéadaíonn an líon aonad a tháirgeann sé/sí.

Bónas:
Is ionann bónas agus suim airgid a íoctar le fostaithe nuair a bhaineann siad sprioc ar leith amach, e.g. líon aonad a tháirgeadh atá os cionn na teorann comhaontaithe.

Coimisiún:
Is cineál luach saothair airgeadais é seo ina ndéantar íocaíocht de réir luach na méide a díoladh, e.g. íocaíochtaí le duine díolacháin (10%) i gcomhréir leis an leibhéal díolacháin a baineadh amach. Gabhann buntáiste leis mar go spreagann sé díolachán go díreach.

Scéimeanna roinnte brabúis:
Is scéim í seo ina n-íoctar cuid de bhrabúis na heagraíochta le fostaithe ar bhonn comhaontaithe. Déantar an scéim a riar agus brabús a íoc le fostaithe d'fhonn iad a spreagadh chun bheith níos táirgiúla.

Scéim Scairúinéireachta d'Fhostaithe:
D'fhéadfaí scaireanna sa ghnólacht a thabhairt d'fhostaithe in áit bónais airgeadais, rud a choimeádann spéis an fhostaí sa phost.
Tugann scéimeanna scair-rogha rogha d'fhostaithe scaireanna a cheannach i gcuideachta ar praghas sonraithe am éigin amach anseo.

***Luach Saothair Neamhairgeadais***

Sochar comhchineáil:
Tugtar peorcais nó sochar imeallach air seo freisin. Bíonn sé i bhfoirm earraí nó seirbhíse a thugtar d'fhostaí in ionad airgid. Is minic a mbaintear úsáid as sochar comhchineáil chun stádas poist a ardú i gcuideachta agus chun meanma a ardú.
Tá dearbháin bhéile, gluaisteáin chuideachta agus árachas sláinte i measc samplaí de shochar comhchineáil.

(NÓTA: Is féidir brath ar shochar comhchineáil mar shochar airgeadais nó mar shochar neamhairgeadais, ag brath ar cé acu atá sé inchánach nó nach bhfuil.)

Ardú Céime:
Aistriú chuig leibhéal sinsearach níos freagraí san eagraíocht. Cé go ngabhann pá níos airde leis, is minic gurb é teideal an phoist, an oifig níos mó nó an cúntóir pearsanta an fíorluach saothair, de réir theoiric Maslow ar riachtanais féinmheasa.

Sásamh poist/Saibhriú poist/Méadú poist:
Tugtar luach saothair d'fhostaithe sa mhéid is go sásaíonn an post a riachtanais shóisialta (obair bhuíne) agus a riachtanais féinachtála (deis chun tuilleadh staidéir a dhéanamh). Tugtar luach saothair don fhostaí mar gheall ar nádúr na hoibre (gairm) agus mar gheall ar na deiseanna a thugann sí (taisteal) e.g. oibrí deonach le gníomhaireacht nó le carthanas faoisimh thríú domhan.

Fleisc-am:
Tugann sé seo an tsaoirse d'fhostaithe a n-uaireanta oibre féin a roghnú laistigh de fhráma ama comhaontaithe e.g. ní gá d'oibrithe a bheith san ionad oibre ach idir 10 a.m. agus 1 p.m. Fágann sé sin gur féidir le fostaithe obair a dhéanamh ón mbaile agus a socruithe cúram leanaí a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, mar shampla.

Postroinnt:
Is éard atá i gceist leis seo go roinneann fostaithe post amháin e.g. tá post ag beirt fhostaithe atá roinnte eatarthu. Is cur chuige solúbtha i leith fostaíochta í agus aithníonn sí go bhféadfadh gur mhian le fostaithe tosaíocht a thabhairt d'am fóillíochta ar am oibre.

**(C) (i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis ar chóir do theaghlach réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid a ullmhú.**

- Cabhraíonn réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid leis an teaghlach a shreabhadh airgid a bhainistiú agus **maireachtáil laistigh dá acmhainn**. Feidhmíonn sí mar **mheicníocht rialaithe** is féidir a úsáid chun sreabhadh iarbhír airgid a thomhas in aghaidh sreabhadh pleanáilte airgid, rud a spreagann teaghlaigh chun **a n-airgeadas a phleanáil go ciallmhar** agus maireachtáil laistigh dá n-acmhainn. Modh chun fiachas pearsanta a rialú.
- Cabhraíonn sé le teaghlach tréimhsí ama a aithint amach anseo nuair a bheidh caiteachas an teaghlaigh níos mó ná an ioncam, i.e. easnamh, agus **gníomh ceartaitheach a dhéanamh chun déileáil leis an easnamh airgid**.
- Cabhraíonn sé le teaghlach tréimhsí ama a aithint amach anseo nuair a bheidh ioncam an teaghlaigh níos mó ná an caiteachas. Is féidir leis an teaghlach **pleananna** a chur le chéile ansin chun an t-airgead breise sin a chur ar taisce le hinstitiúid airgeadais.

**(ii) Léirigh conas is féidir le teaghlach fadhbanna sreabhadh airgid a shárú**

- D'fhéadfadh an teaghlach a eis-sreafaí airgid a laghdú trí **dhíriú ar chaiteachas (lánroghnach)** agus trína chaiteachas a laghdú ar shiamsaíocht agus ar laethanta saoire, mar shampla.
- D'fhéadfadh an teaghlach iarracht a dhéanamh a insreafaí airgid a mhéadú trí **leibhéil ioncaim na mball teaghlaigh a mhéadú**. D'fhéadfadh go mbeadh ar bhall teaghlaigh nach bhfuil ag obair filleadh ar an obair. D'fhéadfadh go ndéanfaí ragobair chun tuilleadh ioncaim a thuilleamh nó go bhfaighfí an dara post, fiú.
- D'fhéadfadh an teaghlach **saoráid rótharraingthe bainc a eagrú** lena bhanc chun maoiniú a chur ar fáil le linn míonna fadhbacha ina mbíonn easnamh i gcistí an teaghlaigh. Soláthraíonn an tsaoráid rótharraingthe tuilleadh solúbthachta don teaghlach nuair a bhíonn an gá is mó aige léi. Ba cheart cúram a ghlacadh, áfach, mar go ngearrtar ardráta úis ar rótharraingt bhainc.
- D'fhéadfadh an teaghlach **caiteachas aonuaire bliantúil a roinnt** thar thréimhse sé mhí nó thar thréimhse dhá mhí dhéag. Is féidir íoc as árachas tí, as árachas sláinte agus as árachas gluaisteáin ar sceideal míosúil. Ina theannta sin, is féidir seirbhísí fóntais a bhainistiú trí phlean buiséid a chothromaíonn na léamha séasúracha is airde agus is ísle i do chuntas leictreachais nó gáis.
- D'fhéadfaí **moilliú a chur ar íocaíocht billí** (costais fhabhraithe). Trí mhoilliú a chur ar íocaíocht billí, bíonn airgead ar fáil le haghaidh úsáidí eile, cosúil le heasnamh a laghdú. Mar sin féin, bíonn an rogha sin baolach do theaghlach. Má theipeann ort íoc as seirbhís, is féidir an tseirbhís a chailleadh mura mbainistítear i gceart í.
- **Comhairle a lorg** ó Chomhar Creidmheasa Áitiúil/Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) – d'fhéadfadh teaghlach iarracht a dhéanamh téarmaí iasachta a ath-idirbheartú e.g. laghdú ar aisíocaíochtaí iasachta.

**Ceist 6**

**(A) Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha agus seachtracha smaointe le haghaidh táirgí nua do chuideachtaí teicneolaíochta mar Google.**

***Inmheánach***

- Seisiúin Ransaithe Smaointe Is éard a bhaineann leis seo daoine ó rannóga éagsúla den ghnólacht ag teacht le chéile agus machnamh cruthaitheach a dhéanamh ar smaointe nua. Diúltaítear do chuid de na smaointe seo agus breithnítear cinn eile tuilleadh. Cabhraíonn éagsúlacht na foirne leis an bpróiseas cruthaitheachta.
- Pearsanra díolacháin. Foinse mhór de nuálaíocht táirgí agus de smaointe nua do tháirgí iad taighde margaidh nó aiseolas ó ionadaithe díolacháin.
- Faightear smaointe ó fhostaithe trí scéimeanna moltaí nó trí bhoscaí moltaí. D'fhéadfaí duais a bhronnadh ar dhea-smaoineamh trí bhónas a thabhairt. Tá dea-chultúr infhiontraíochta ann laistigh de Google, agus cothaíonn sé sin nuálaíocht e.g. Tugann an straitéis "20 Faoin gCéad den Am" ag Google am agus spás d'innealtóirí oibriú ar a gcuid tionscadal féin.
- D'fhéadfadh go ndéanfaidh an Roinn Taighde agus Forbartha táirge nua a aimsiú/nó táirge atá ann cheana féin a fheabhsú trí thaighde agus trí fhorbairt a dhéanamh. Mar shampla, chaith Google thart ar 13% dá ioncam, ($3.7 milliún), ar thaighde agus ar fhorbairt in 2011.

***Seachtrach***

- Monatóireacht a dhéanamh ar na hiomaitheoirí agus aithris a dhéanamh ar chuid dá smaointe i gcomhair táirgí, ach a bheith aireach ar dhlí paitinne agus cóipchirt ag an am céanna. e.g. Samsung agus Apple.
- Ionadú iompórtálacha, nuair a chuirtear táirge a tháirgtear in Éirinn in ionad táirge atá á iompórtáil faoi láthair, ach a mhacasamhail de cháilíocht chéanna nó an praghas céanna a bheith ar an táirge ionaid.
- Cuideachta Taighde Margaidh a úsáid le bearnaí sa mhargadh agus treochtaí margaidh a thabhairt faoi deara. Bíonn cuideachtaí in ann leas a bhaint as na bearnaí seo nó as na margaí nideoige dá bharr.
- D'fhéadfadh athruithe nó forbairtí breise ar tháirgí atá ann cheana féin a bheith mar thoradh ar Ghearáin/Aiseolas ó Chustaiméirí.
- D'fhéadfadh taisteal thar lear nó seónna trádála amhail an Dublin Web Summit spreagadh a thabhairt do chuideachtaí táirge nua a chruthú don mhargadh intíre.

**(B)** ***'Má tá gnó le maireachtáil, caithfidh sé fás agus fairsingiú.'***
**Déan measúnú ar dhá mhodh le gnó a fhairsingiú.**

Cumasc:

- Is ionann cumasc agus malgamú **fabhrach nó deonach** nó ceangal dhá ghnólacht nó níos mó le chéile ar mhaithe lena gcomhshochar, ag trádáil faoi chomhainm.
- Cruthaítear eintiteas dleathach nua amháin a luaithe a cheadaíonn na scairshealbhóirí é.
- Tháinig Irish Permanent agus Banc Taisce Iontaobhais le chéile chun Permanent TSB a chruthú. Cruthaíodh Glanbia cpt nuair a chumaisc Comharchumann Abhainn Mhór agus Bianna Phort Láirge.
- Straitéis chosantach atá ann de bharr go bhféadfadh éagsúlú i réimsí nua táirgí a bheith i gceist, rud a laghdaíonn an riosca go mbeadh an chuideachta ag brath ar réimse amháin táirgí.
- Beidh na costais níos ísle mar gheall ar bharainneachtaí scála agus ar roinnt costas agus acmhainní.

**Measúnú– breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

Táthcheangal:

- Tarlaíonn sé seo nuair a cheannaíonn cuideachta amháin **51% nó níos mó** de na scaireanna i gcuideachta eile, bíodh sé ar bhealach naimhdeach nó fabhrach.
- Déanann an chuideachta fála an chuideachta eile a chomhghabháil. Cailltear féiniúlacht na cuideachta i ndiaidh na fála agus déantar cuid den chuideachta fála de.
- Is féidir le costas an táthcheangail a bheith thar a bheith daor
- Chomhghabháil Eircom cuideachta guthán póca Meteor ar chostas €420 milliún. Cheannaigh Google YouTube, an suíomh físeán ar líne a bhfuil an-tóir air, ar chostas $1.65 billiún. Cheannaigh Google Motorola Mobility, ar cuideachta dhéantúsaíochta gléasanna soghluaiste é, ar chostas $12.5 billiún.

**Measúnú – breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

Comhghuaillíocht Straitéiseach:

- Comhaontaíonn dhá ghnólacht neamhspleácha nó níos mó comhoibriú le chéile agus acmhainní agus saineolas a roinnt le chéile ar mhaithe le comhshochar gach páirtí lena mbaineann.
- Tá na gnólachtaí fós **go hiomlán neamhspleách ó thaobh an dlí de** agus coimeádann gach gnólacht a aitheantas trádála féin.
- D'oibrigh Google le roinnt corparáidí d'fhonn feabhas a chur ar an táirgeadh agus ar sheirbhísí. I mí Eanáir 2013, d'fhógair Google comhpháirtíocht le Kia Motors agus Hyundai. Comhtháthaíonn an chomhpháirtíocht Google Maps agus Google Places i samhlacha nua gluaisteáin a eiseofar níos déanaí in 2013.
- Baineann na gnólachtaí tairbhe as roinnt acmhainní agus buanna, nach mbeadh rochtain acu orthu ar shlí eile. Is féidir le ceachtar páirtí deireadh a chur leis an socrú go héasca má roghnaíonn siad a leithéid a dhéanamh.

**Measúnú – breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

Saincheadúnas:

- Is ionann é seo agus socrú gnó trína ndeonaíonn an saincheadúnóir (an gnólacht reatha a bhfuil samhail chruthaithe ghnó aige) ceadúnas conarthach /cead don saincheadúnaí (duine atá ag bunú an ghnólachta) chun a ainm, a lógó agus a smaoineamh gnó a úsáid i gcomaoin táille nó céatadáin den bhrabús nó de na díolacháin.
- Is féidir leis an saincheadúnóir a g(h)nó a leathnú gan a bheith ag infheistiú caipiteal breise ná rioscaí breise a ghlacadh mar go nglacann an saincheadúnaí leo seo sa socrú conartha.
- I measc roinnt saincheadúnas in Éirinn, tá The Zip Yard, Gloria Jean's Coffees, McDonalds agus GEMS.
- Is cineál fairsingithe atá éifeachtach ó thaobh costais de don saincheadúnóir é seo. Is féidir leis a bheith baolach do shaincheadúnóir. D'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'íomhá an tsaincheadúnóra sa chás nach gcoimeádann an saincheadúnaí caighdeáin arda.

**Measúnú – breithiúnas an iarrthóra féin ag teastáil anseo**

**(C) Déan na himpleachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha d'fhairsingiú gnólachta a phlé faoi na ceannteidil a leanas:**
***Struchtúr eagrúcháin; Réimse táirgí; Brabúsacht; Fostaíocht.***

*Struchtúr eagrúcháin:*

Impleacht Ghearrthéarmach

- De réir mar a fhairsingíonn an gnólacht, d'fhéadfadh go mbeadh gá le struchtúr nua mar go bhféadfadh go mbeadh gá le tuilleadh gníomhaíochtaí a eagrú. Tá struchtúr foirmiúil eagrúcháin ag teastáil ón ngnólacht, mar shampla, struchtúr feidhme a shainaithníonn go soiléir an slabhra ceannais agus an réise rialaithe laistigh den ghnólacht.

Impleacht Fhadtéarmach

- D'fhéadfadh go mbeadh gá le struchtúr geografach a chur in ionad an struchtúir feidhme eagrúcháin seo chun fairsingiú i réigiúin gheografacha nua a éascú nó d'fhéadfadh go mbeadh gá le struchtúr táirgí a chur ina ionad chun an raon méadaithe táirgí a éascú.
- De réir mar a fhásann gnólachtaí, bíonn siad níos spleáiche ar fheidhmeanna agus ar phearsanra saintacaíochta. D'fhéadfaí Roinn TF agus/nó Roinn Acmhainní Daonna a thabhairt isteach chun cabhrú le bainisteoirí líne, agus mhéadófaí éifeachtúlacht dá bharr.

*Réimse táirgí:*

Impleacht Ghearrthéarmach

- De réir mar a thosaíonn an gnólacht ag fairsingiú, tiocfaidh méadú ar an réimse táirgí agus ar an bpunann táirgí atá ar fáil le díol chun freastal ar an raon níos leithne de dheighleoga margaidh a bhfuil an gnólacht ag díriú orthu.
- D'fhéadfadh go ndéanfaí aon táirgí a fuarthas le linn fáis nach bhfuil oiriúnach do shamhail ghnó an ghnólachta a dhíol amach.
- Fágann an raon níos leithne táirgí go bhfuil sé níos deacra bainistíocht a dhéanamh ar an gcumasc margaíochta.

Impleacht Fhadtéarmach

- Ceadóidh cumaisc agus éadálacha don ghnólacht na margaí éagsúla nideoige a shásamh. Dá bharr sin, déanfar tuilleadh infheistíochta i dTaighde agus i bhForbairt agus i bhforbairt táirgí chun an raon leathan de dheighleoga margaidh ina bhfuil táirgí á ndíol ag an ngnólacht a shásamh.
- D'fhéadfadh go mbeadh gá le cumaisc éagsúla mhargaíochta a chur i bhfeidhm don raon níos leithne táirgí.

*Brabúsacht:*

Impleacht Ghearrthéarmach

- Costais ghearrthéarmacha athstruchtúraithe. D'fhéadfadh go dtitfeadh brabúis ar dtús mar thoradh ar an gcaiteachas méadaithe ar shócmhainní amhail innealra, foirgnimh, TF agus Taighde agus Forbairt, áitreabh, etc..
- D'fhéadfadh go mbeadh díbharainneachtaí scála ann de dheasca easpa bainistíochta cuí agus de dheasca dúbailt oibre.

Impleacht Fhadtéarmach

- De réir mar a chomhdhlúthaíonn an gnólacht a staid le linn fás gnó agus aibíochta, ba cheart go dtiocfadh méadú ar dhíolachán agus ar ioncam, agus ba cheart go mbeadh brabúsacht níos fearr ann dá bharr sin.
- D'fhéadfadh go bhforbródh an gnólacht barainneachtaí scála amhail bulc-cheannach, cumhacht mhéadaithe margaidh, uathoibriú agus díbirt obair dhúbailte, as a dtiocfadh éifeachtúlachtaí agus brabúsacht níos fearr.
- Tiocfaidh díbhinní níos airde don scairshealbhóir as brabúis níos airde, a spreagfaidh tuilleadh infheistíochta agus a fhágfaidh gur féidir cúlchistí a fhorbairt.
- D'fhéadfadh go dtitfeadh brabúis san fhadtéarma freisin de dheasca díbharainneachtaí scála (drochbhainistíocht, spreagadh níos ísle i measc fostaithe i ngnólacht an-mhór). Dícheangal idir an lucht bainistíochta agus fostaithe.

*Fostaíocht:*

Impleacht Ghearrthéarmach

- D'fhéadfadh go dtiocfadh cuíchóiriú as an bhfairsingiú tosaigh, de réir mar a dhéanann an gnólacht iarracht deireadh a chur le dúbailt dhiomailteach ról. D'fhéadfadh go dtiocfadh iomarcaíochtaí éigeantacha as sin. Is féidir leis an éiginnteacht/eagla i leith na todhchaí an fhoireann agus an lucht bainistíochta a dhíspreagadh agus a bheith ina gcúis le fadhbanna caidrimh thionsclaíoch (córais éagsúla phá agus luach saothair).
- D'fhéadfadh go mbeadh caidreamh oibre faoi strus de dheasca éiginnteachta.
- Bheadh tuilleadh oiliúna ag teastáil ón bhfoireann.

Implicacht Fhadtéarmach

- De réir mar a chomhdhlúthaíonn an gnólacht a staid le linn fás gnó agus aibíochta, d'fhéadfadh go mbeadh a roinn Acmhainní Daonna in ann dul i mbun feachtas earcaíochta le haghaidh fostaithe nua mar chuid dá bpleanáil daonchumhachta.
- D'fhéadfadh go mbeadh an gnólacht in ann oibrithe a spreagadh trí phá níos airde agus trí choinníollacha níos fearr oibre.
- D'fhéadfadh go ndéanfadh deiseanna oiliúna agus forbartha foirne féidearthachtaí ardaithe céime a chur ar fáil do bhaill foirne, a d'fheabhsódh meanma na foirne agus caidreamh tionsclaíoch.
- D'fhéadfadh go mbeadh gnólachtaí in ann pearsanra ardcháilithe a mhealladh.
- D'fhéadfadh go mbraithfeadh fostaithe coimhthithe agus díspreagtha i ngnólacht an-mhór, agus go mbeadh neamhéifeachtúlachtaí ann dá bharr.

## Ceist 7

**(A) Tabhair breac-chuntas ar na teicnící taighde margaidh atá ar fáil do 'Bhuataisí Uile-Aimsire Teo.' lena réimse táirgí a fhorbairt.**

*Taighde Deisce*

- Baineann rochtain ar fhaisnéis a bailíodh cheana féin le taighde deisce. Taighde tánaisteach atá ann agus d'fhéadfadh sé bheith inmheánach nó seachtrach.
- Tá taighde deisce measartha saor; coinníonn sé seo na costais síos agus cinntítear gnólacht iomaíoch dá bharr.
- Ar na cineálacha éagsúla taighde deisce atá ann tá an tIdirlíon, tuarascálacha inmheánacha díolacháin, tuarascálacha trádála, foilseacháin na Príomh-Oifige Staidrimh, nuachtáin, etc.
- Is féidir le taighde deisce faisnéis a chur ar fáil faoi iomaitheoirí agus faoi phatrúin chaiteachais tomhaltóirí.
- Léireodh taifid díolachán laethúil 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' athrú ar phatrúin chaiteachais tomhaltóirí agus léireoidís cé acu atá siad réidh le haghaidh oiriúintí éagsúla sa raon nó nach bhfuil.
- Sholáthródh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) faisnéis ar shonraí daonra bailte (i.e. aois, gnéas, struchtúr teaghlaigh, etc.) agus thabharfadh a suirbhé ar bhuiséad teaghlach faisnéis ar phatrúin chaiteachais teaghlach ar chineálacha éagsúla earraí.

*Taighde allamuigh:*

- Is éard atá i gceist le taighde allamuigh ná dul isteach sa mhargadh chun faisnéis ghnó a fháil go pearsanta nó chun faisnéis nua ghnó a fháil. Taighde príomhúil atá ann a dtugtar faoi trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí nó le custaiméirí ionchasacha.
- De ghnáth, bíonn taighde allamuigh costasach agus glacann sé cuid mhór ama, ach tugann sé faisnéis shonrach faoi iompraíocht an spriocmhargaidh.
- Tá suirbhéanna, breathnóireacht, ceistneoirí agus painéil chustaiméirí i measc na modhanna nó na dteicnící taighde allamuigh a d'fhéadfaí a úsáid. I gcás suirbhéanna a mbíonn baint ag agallaimh phearsanta agus ceistneoirí le sciar den daonra leo, is féidir leo a bheith an-éifeachtach chun faisnéis mhionsonraithe faoi roghanna, iompraíochtaí agus dearcthaí na dtomhaltóirí sa mhargadh a fháil agus a bhailiú. D'fhéadfadh taighdeoirí allamuigh atá fostaithe ag 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' suirbhéanna a dhéanamh ar an láthair ag ceolchoirmeacha.
- Breathnóireacht féachaint ar chustaiméirí i mbun a ngnó, e.g. líon na gcustaiméirí a roghnaíonn táirge ar leith le linn tréimhse ar leith sa siopa. Fionnann taighde allamuigh i 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' dearcthaí agus tuairimí faoina gcuid custaiméirí agus tig leo athruithe sonracha a chur i bhfeidhm ar a dtáirgí agus ar a bpunann táirgí bunaithe ar an aiseolas a fhaightear.
- Ligeann taighde allamuigh don chuideachta freastal ar riachtanais na gcustaiméirí ar bhealach níos éifeachtaí, a spreagann dílseacht na gcustaiméirí agus a mhéadaíonn brabús an ghnólachta.

**(B) (i) Mínigh an téarma 'deighilt an mhargaidh' agus tú ag tagairt do 'Bhuataisí Uile-Aimsire Teo.'.**

- Is éard atá i gceist le deighilt an mhargaidh an margadh **a roinnt ina gcodanna atá inaitheanta go soiléir** agus a bhfuil **tréithe comhchoiteanna** acu. Tugann sí deis do chuideachta a **spriocmhargadh** a aithint.
- D'fhéadfadh 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' an margadh foriomlán le haghaidh buataisí rubair a dheighilt de réir modhanna déimeagrafacha nó fiseolaíocha.
- D'fhéadfaí an margadh sin a dheighilt arís eile e.g. fir agus mná, daoine spórtúla agus neamhspórtúla, riachtanais fóillíochta agus riachtanais iomaíocha, cineálacha tuaithe agus uirbeacha, chun cabhrú le straitéis éifeachtach mhargaíochta a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt don straitéis sin.

**(ii) Pléigh na cúiseanna a rachadh rannóg mhargaíochta 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' i muinín dheighilt an mhargaidh.**

- Chun a straitéis mhargaíochta a dhíriú ar na custaiméirí sin ar dóigh dóibh na buataisí rubair a cheannach.
- Chun úsáid acmhainní atá éifeachtach ó thaobh costais de a bhaint amach trí mhargaí nach mbeadh brabúsach a sheachaint.
- D'fhéadfadh sí buntáiste iomaíoch a thabhairt do 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' sa mhargadh buataisí rubair.
- Beidh deis ag 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' caidreamh dílis a fhorbairt lena gcustaiméirí óna n-óige agus an poitéinseal chun táirgí a fhorbairt amach anseo a mhéadú e.g. oiriúintí, amhail scáthanna fearthainne, scaifeanna agus hataí.
- Soláthraíonn deighilt an mhargaidh faisnéis chun cabhrú le 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' cinneadh ar an straitéis mhargaíochta is cuí agus an meascán de mhodhanna cur chun cinn is cuí do mhargaíocht na mbuataisí rubair e.g. raidió, teilifís, comórtais, urraíocht, na meáin shóisialta, etc.
- Dírítear fógraíocht ar bhealach níos fearr: Trí dheighleog áirithe a roghnú, beidh 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' in ann fógraíocht a dhíriú ar bhealach níos fearr. Méadóidh sé sin tionchar na fógraíochta agus beidh díolacháin níos airde dá bharr.
- Is féidir praghas a úsáid go cruinn chun an íomhá cheart a bhunú don táirge má dhéantar é a mheaitseáil le hioncam an tomhaltóra nó a dhíriú ar ioncam an tomhaltóra. Mar gheall ar an meath eacnamaíoch le blianta beaga anuas, tá tionchar mór ag ioncam ar chinntí ceannaigh an tomhaltóra.

**(C) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfeadh bainisteoir margaíochta san áireamh nuair a bheadh praghsanna díolta na dtáirgí á socrú ag 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.'.**

Tá na nithe seo a leanas:

**Costais:**

Ba cheart don phraghas costais an ghnólachta (costais táirgthe, mhargaíochta, dáileacháin, etc.) a chlúdach agus ba cheart corrlach brabúis a bheith san áireamh ann. Beidh anailís mheá ar mheá cabhrach anseo (Costas móide straitéis praghsála).

**Praghsanna Iomaitheoirí:**

Tá comórtas an-dian sa tionscal éadaí/coisbheart, agus beidh tionchar aige sin ar an bpraghas a ghearrfar. Is toisc láidir é an léibheann praghsála don táirge. Mar sin féin, d'fhéadfadh 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.' rogha a dhéanamh glacadh le straitéis praghsála íseal ar nós 'praghsáil dul i bhfód' d'fhonn sciar den mhargadh a ghabháil ó iomaitheoirí.

**Cineál Táirge/Íomhá:**

Toisc go mbíonn buataisí brandáilte á ndíol ag an ngnólacht, d'fhéadfaí an praghas a shocrú ar ráta ard chun dearcthaí an tomhaltóra a léiriú, is é sin, gur táirge níos fearr é (Straitéis Praghsála Bisigh).

**Céim na Saolré Táirge:**

Toisc go bhfuil na táirgí nua agus ag an gcéim thosaigh, d'fhéadfaí praghas ard a ghearradh chun cabhrú le costais Taighde agus Forbartha a aisghabháil (Straitéis Scimeála Praghais).

**Tomhaltóirí:**

Beidh an praghas a ghearrfar ag brath ar an gcineál ceannaitheoirí. D'fhéadfadh go ndéanfadh an gnólacht idirdhealú idir daoine a bhíonn ag freastal ar fhéilte agus daoine a bhaineann taitneamh as a bheith 'amuigh faoin spéir' (straitéis idirdhealaithe praghais). D'fhéadfadh go mbeadh an spriocmhargadh ina thoisc chinntitheach.

**Éileamh:**

D'fhéadfadh go mbeadh an-tóir ar tháirgí nua a sheolann 'Buataisí Uile-Aimsire Teo.'. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go méadódh an t-éileamh atá orthu. D'fhéadfaí praghsanna níos airde a ghearradh ag an gcéim thosaigh mar gheall ar an éileamh méadaithe sin.

Leathanach Bán

Leathanach Bán